



**General Certificate of Secondary Education
2013**

Irish

**Unit 3: Listening
Higher Tier**

[GIR32]

WEDNESDAY 15 MAY, MORNING

TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio “beep” to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2013
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

Read each question carefully, listen to the recording and write your answer in the space provided. You will hear each section twice. You will hear question nine for a third and final time.

- 1 Seán talks about his holidays.

Fem voice:

- A Sheáin, ar thaitin na laethanta saoire leat?

Seán:

- Thaitin siad go mór liom. Bhí sos de dhíth orm i ndiaidh na scrúduithe.

Pause

Fem voice:

- Cá raibh tú?

Seán:

- Bhí mé ar an chósta in iarthar na hÉireann. Chuaigh mé ag snámh san fharraige agus d'imir mé cluichí ar an trá gach lá.

Pause

Fem voice:

- Cad é mar a bhí an aimsir?

Seán:

- Bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir ar fheabhas. Bhí an ghrian ag soilsiú gach lá.

Pause

Fem voice:

- An raibh tú ag stopadh in óstán?

Seán:

- Ní raibh. Bhí muid ag campáil agus bhí an chraic go maith.

- 2 Lára and Garaí have a telephone conversation.

Lára:

- Dia duit, a Gharaí. Lára anseo.

Garaí:

- Dia's Muire duit, a Lára.

Lára:

- An bhfuil tú ag teacht chuig an chóisir sa teach s'agamsa anocht?

Garaí:

- Tá, cinnte.

Pause

Lára:

- Tá mo ríomhaire glúine briste. Bhí sé ar an leaba agus thit sé. An féidir leat ceol a íoslódáil dom don chóisir?

Garaí:

- Déanfaidh mé sin duit. An bhfuil rud ar bith eile de dhíth ort?

Lára:

- Níl, go raibh maith agat. Tá gach rud eile déanta.

Pause

Garaí:

- An mbeidh scaifte ag teacht anocht?

Lára:

- Beidh. Ach beidh go leor bia ann mar chaith mé an lá ar fad sa chistin ag cócaireacht.

Garaí:

- Maith go leor.

	3 Aine is being interviewed for a job.
Áine:	<ul style="list-style-type: none"> - Dia duit. Is mise Áine Ní Fhathaigh.
Masc voice:	<ul style="list-style-type: none"> - Dia's Muire duit. Is mise an bainisteoir. Chuala mé gur mhaith leat post páirtaimseartha. An mbeidh tú ar fáil gach lá?
Áine:	<ul style="list-style-type: none"> - Beidh mé ar fáil gach lá ach amháin ar an Luan.
	<i>Pause</i>
Masc voice:	<ul style="list-style-type: none"> - An bhfuil taithí oibre agat?
Áine:	<ul style="list-style-type: none"> - Níl. Ní raibh post ar bith agam roimhe seo agus ba bhreá liom post a bheith agam. Is duine ionraic mé agus tá mé iontach díograiseach fosta.
	<i>Pause</i>
Masc voice:	<ul style="list-style-type: none"> - Maith go leor. Tá cuidiú de dhíth orm. An féidir leat lá amháin a dhéanamh gach deireadh seachtaine?
Áine:	<ul style="list-style-type: none"> - Is féidir, cinnte. Go raibh maith agat.
Masc voice:	<ul style="list-style-type: none"> - Tar ar ais Dé hAoine ar a ceathair a chlog agus cuirfidh mé traenáil ort.
Áine:	<ul style="list-style-type: none"> - Maith go leor. Feicfidh mé Dé hAoine thú.
Masc voice:	<ul style="list-style-type: none"> - Slán go fóill.
	4 Úna talks about her weekend.
	<p>Is mise Úna. Níor bhain mé sult as an deireadh seachtaine mar ní raibh cead agam dul amach le mo chairde. Tháinig mo sheanmháthair ar cuairt agus chuaigh muid chuig bialann nua sa bhaile mhór. Thaitin an oíche le mo sheanmháthair agus le mo thuismitheoirí ach bhí mise dúdóite.</p>
	<i>Pause</i>
	<p>Caithfidh mé a rá go raibh an bhialann galánta. Bhí an béis ceart go leor ach, ar ndóigh, ní raibh rogha móra bia ar fáil domsa mar ní ithim feoil. D'ith mé iasc agus a lán glasraí. Nuair a chuaigh muid abhaile d'amharc muid ar scannán maith agus d'ith muid milseáin.</p>

- 5 Liam has moved to a new area.
- Máire:* – Dia duit. Is mise Máire.
- Liam:* – Dia's Muire duit. Is mise Liam.
- Máire:* – Is deas bualadh leat, a Liam. Ní fhaca mé thú anseo roimhe. An bhfuil tú i do chónaí sa cheantar seo?
- Liam:* – Tá. Bhog mise agus mo theaghlach anseo mí ó shin mar fuair m'athair post nua anseo.
- Pause*
- Máire:* – Cá raibh tú i do chónaí roimhe sin?
- Liam:* – Bhí mé i mo chónaí faoin tuath i gContae Aontroma. Tá teach againn anois san eastát tithíochta nua sa bhaile mhór.
- Pause*
- Máire:* – An maith leat an ceantar seo?
- Liam:* – Is maith. Tá an ceantar iontach deas. Is maith liom spórt agus tá a lán áiseanna spóirt anseo. Ar an drochuair, níl cairde ar bith agam anseo go fóill.
- Pause*
- Máire:* – Ná bí buartha. Tá na daoine anseo iontach cairdiúil. Gabh chuig club na n-óg oíche Aoine agus cuirfidh tú aithne ar go leor daoine óga ansin.
- Liam:* – Sin smaoineamh maith. Rachaidh mé ansin.
An mbeidh tú féin ann?
- Máire:* – Beidh cinnte.
- Liam:* – Feicfidh mé ansin thú mar sin.
- Máire:* – Maith go leor. Slán.
- Liam:* – Slán go fóill.

- 6 Listen to the conversation.
- Masc voice:*
- Dia duit, a Róisín.
- Róisín:*
- Dia's Muire duit.
- Masc voice:*
- A Róisín, cad é atá cearr leat?
- Róisín:*
- Níl mé ró-mhaith. Chonaic mé taisme bóthair ar maidin nuair a bhí mé ag teacht ar scoil. Bhí mise le mo chara Úna agus bhí muid ag siúl síos an bóthar. Chuir an taisme eagla orainn.

Pause

- Masc voice:*
- Tá sin millteanach. Cad é a tharla?
- Róisín:*
- Bhí sé thart fá leath i ndiaidh a hocht agus bhí an trácht iontach trom. Rith madadh beag amach ar an bhóthar agus leag gluaisteán é.

Pause

- Masc voice:*
- Is mór an trua sin.
- Róisín:*
- Bhí bean ag tiomáint agus ní raibh sí ábalta stopadh in am.
- Masc voice:*
- An raibh sise ceart go leor?
- Róisín:*
- Ní raibh. Bhí sí ag screadaíl. Ansin tháinig na gardaí gan mhoill agus scríobh siad síos nótaí.
- Masc voice:*
- An ndearna siad rud ar bith eile?
- Róisín:*
- Chuir na gardaí fios ar an dochtúir chomh maith.
- Masc voice:*
- Tá súil agam go mbeidh an bhean ceart go leor.
- Róisín:*
- Chuala mé go mbeidh sí ceart go leor.

7 Listen to the conversation.

Fem voice:

- Dia duit, a Thomáis. Cad chuige nach raibh tú ar scoil inné?

Tomás:

- Dia's Muire duit. Bhí mé ag cuidiú le m'athair sa ghairdín agus ghearr mé mo lámh. Bhí sé iontach nimhneach agus ní raibh fonn orm dul ar scoil.

Pause

Fem voice:

- An bhfuil tú ceart go leoranois?

Tomás:

- Tá mé i bhfad níos fearr inniu, go raibh maith agat. Chuaigh mé chuig an ionad sláinte inné. Thug an dochtúir oideas dom agus thug an bhanaltra instealladh dom. Chuaigh mé abhaile ina dhiaidh sin agus lig mé mo scíth.

Pause

Fem voice:

- Is dócha nach mbeidh tú ag dul chuig an dioscó anocht, mar sin.

Tomás:

- Ba mhaith liom dul ach níl airgead ar bith fágtha agam. Bhí orm bronntanas a cheannach do mo mháthair.

Fem voice:

- Is féidir liomsa cúpla punt a thabhairt ar iasacht duit.

Tomás:

- Go raibh maith agat. Tá sé sin go hiontach. Beidh mé ábalta dul ann mar sin.

Pause

Fem voice:

- Tar linn. Beidh muid ag imeacht ar a hocht a chlog.

Tomás:

- An mbeidh tú ag dul leis an bhus?

Fem voice:

- Ní bheidh. Tabharfaidh mo dheirfiúr síob dúinn. Ar mhaith leat teacht linn?

Tomás:

- Ba mhaith, go raibh maith agat. Rachaidh mé libh, mar sin.

- 8 Listen to the radio announcement.

Masc voice:

- Agus tá fógra anseo faoi chomórtas ceoil a bheidh ar siúl i nDoire ag an deireadh seachtaine. Bíonn an comórtas seo ann gach bliain i Halla na Cathrach. Is comórtas é do dhaltaí scoile amháin.

Pause

- Beidh duaiseanna an-mhaith le baint. Beidh duais míle punt ann don cheoltóir is fearr. Chomh maith leis sin beidh seans aige sin páirt a ghlacadh i gceolchoirm speisialta ar an teilifís le linn Seachtain na Gaeilge.

Pause

- Má tá ceol agat glac páirt sa chomórtas. Thig foirm iontrála a fháil ón stáisiún raidió anseo. Níl aon táille iontrála ar an chomórtas. Tá sé saor in aisce ach deán deifir mar caithfidh an foirm bheith ar ais linn roimh an Mháirt.

- 9 Aoife and Peadar talk about the Gaeltacht.
- Peadar:* – Dia duit, a Aoife.
- Aoife:* – Dia's Muire duit, a Pheadair.
- Peadar:* – Cad é mar atá tú?
- Aoife:* – Tá mé go maith, go raibh maith agat.
- Peadar:* – An ndearna tú rud ar bith speisialta le linn saoire na Cásca?
- Aoife:* – Bhí mé sa Ghaeltacht. Chaith mé seachtain na Cásca i nDún na nGall agus thaitin an tseachtain go mór liom.
- Pause*
- Peadar:* – Cad é mar a bhí an cursa?
- Aoife:* – Iontach maith ar fad. Bhain mé an-sult as an chúrsa mar d'fhoghlaim mé cuid mhór Gaeilge.
- Pause*
- Peadar:* – Cad é mar a bhí an lóistín agus an bia?
- Aoife:* – Bhí an teach go deas agus bhí muintir an tí an-chairdiúil. Tá aithne mhaith agam orthu mar bhí mé ag stopadh acu anuraidh. Caithfidh mé a rá forsta go raibh an bia den chéad scoth.
- Pause*
- Peadar:* – Ar labhair tú Gaeilge an t-am ar fad?
- Aoife:* – Labhair agus thaitin sé sin go mór liom. Tá mé bródúil as an Ghaeilge agus déanaim mo dhícheall í a labhairt chomh minic agus is féidir.
- Pause*
- Peadar:* – Seans go rachaidh mé féin chuig an Ghaeltacht sa samhradh.
- Aoife:* – Gabh cinnte. Bainfidh tú sult as. Tá mise ag dul ar ais mar taitníonn an saol sóisialta go mór liom forsta.

Pause

Peadar:

- An bhfuil do chairde ag dul?

Aoife:

- Níl a fhios agam agus is cuma liom. Níl siad cinnte go fóill. Tá siad ag iarraidh dul ach síleann siad go bhfuil an cursa daor go leor. Tá mise lánsásta dul ar ais liom féin mar tá aithne mhaith agam ar mhuintir na háite faoin am seo.

This is the end of the recording.